



Lucsamburg, 10.03.2023

TAG.: **CDT-AST3-2023/02**
CÚNTÓIR PRÓISEÁLA SEIRBHÍSÍ TEANGA

GRÁD: **AST 3**
ROINN: TACAÍOCHT AISTRIÚCHÁIN
ÁIT FOSTAÍOCHTA: LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na **Roinne Tacaíochta Aistriúcháin**, go háirithe riachtanais na Rannóige um Bainistiú Sreafa Oibre, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun liosta ionadaithe a dhéanamh chun baill foirne shealadacha a earcú¹ faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh².

CINEÁL NA DTASCANNA

Agus é/í ag tuairisciú go díreach do Cheann na Rannóige um Bainistiú Sreafa Oibre, beidh an t-iarrthóir a roghnófar freagrach as na tascanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- Faireachán a dhéanamh ar na cúraimí sreafa oibre réamhphróiseála agus iarphróiseála agus a áirithiú go gcomhlíontar spriocdhátaí;
- An obair a dháileadh trí dháileadh barrfheabhsaithe jab agus solúbthacht a ráthú chun déileáil go pras le hiarratais phráinneacha;
- Réimsí feabhais ar na próisis agus ar na córais atá ann faoi láthair a shainnint le taighde leanúnach chun próisis a bharrfheabhsú;
- Faire theicneolaíochta a dhéanamh i réimsí na ceapadóireachta doiciméad, na foilsitheoireachta deisce, na dteicneolaíochtaí teanga agus samhaltaithe agus barrfheabhsaithe próiseas;
- Nósanna imeachta úrscothacha a chur ar bun agus taighde a dhéanamh ar theicnící innealtóireachta doiciméad teicniúil atá dírithe ar dhlús a chur le gníomhaíochtaí réamhphróiseála

¹ Féadfar an liosta ionadaithe céanna sin a úsáid chun baill foirne shealadacha a earcú faoi Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus chun foireann ar conradh a earcú faoi Airteagal 3(a) de na Coinníollacha céanna sin. Is féidir an liosta ionadaithe a roinnt le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais freisin i gcás riachtanais seirbhíse.

² Baill foirne inmheánacha atá fostaithe mar fhoireann shealadach faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (grúpa feidhme AST), is féidir leo an foilseachán seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar fhoilsiú inmheánach.

agus iarphróiseála roinnt seirbhísí teanga, eadhon aistriúchán, eagarthóireacht, fotheidealú, tras-scríobh;

- An bunchar eolais atá ann cheana a choinneáil cothrom le dáta agus a ndianúsáid ag bail na bhfoirne lena mbaineann a chur chun cinn;
- Feachtais chumarsáide a chur i gcrích chun dea-chleachtais a chur chun cinn in obair a bhaineann le ceapadóireacht doiciméad agus le foilsitheoireacht deisce;
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara éagsúla atá páirteach sna céimeanna éagsúla de phróiseas teanga, mar atá aistritheoirí, teangeolaithe, bainisteoirí tionscadal, speisialtóirí ar theicneolaíocht teanga, etc., chun cumarsáid shoiléir, idirbheartaíocht agus sainmhínte ar phróisis a áirithiú.

1. CRITÉIR RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Chun bheith incháilithe páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh faoin 07.04.2023, an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach:

a) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA:

- a bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
- cáilíochtaí: leibhéal iar-mhéanoideachais dhá bhliain ar a laghad a bheith acu arna fhianú le diplóma, agus taithí ghairmiúil ábhartha trí bliana ar a laghad a fuarthas ina dhiaidh sin; nó leibhéal meánoideachais arna fhianú le diplóma a thugann rochtain ar iar-mhéanoideachas, agus taithí ghairmiúil ábhartha sé bliana ar a laghad ina dhiaidh sin³;
- scileanna teanga: eolas domhain ar cheann de theangacha de chuid an Aontais Eorpaigh (leibhéal C1 ar a laghad) agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh (leibhéal B2 ar a laghad), sa mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

b) EOLAS AGUS SCILEANNA TEICNIÚLA:

- Taithí ghairmiúil chruthaithe trí bliana ar a laghad ar dhoiciméid a ullmhú chun críocha aistriúcháin (gníomhaíochtaí réamhphróiseála agus iarphróiseála agus ailínithe) nó ar thionscadail teanga a bhainistiú;
- Eolas cruthaithe ar theicneolaíochtaí aistriúcháin atá le fianú le teastas arna eisiúint ag eintiteas oideachais (e.g. siollabas ollscoile a léiríonn modúl amháin ar a laghad i dteicneolaíochtaí aistriúcháin, comhlachtaí príobháideacha oideachais a chuireann oiliúint ar theicneolaíochtaí aistriúcháin ar fáil, etc.);
- Taithí ghairmiúil chruthaithe bliana ar a laghad atá le fianú le cur síos ar an bpost a sholáthar, ina luaitear go soiléir úsáid na n-uirlisí seo a leanas agus le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo a leanas:
 - a) Adobe InDesign chun críocha iarphróiseála nó DTP (foilsíú doiciméad tar éis aistriúcháin);

³ Ní chuirtear san áireamh ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údarás sna Ballstáit sin.

- b) XML agus HTML chun inneachar a shainaithint, agus é a ionramháil le huirlisí teicneolaíochta ríomhchuidithe;
- c) Microsoft Word, Excel, PowerPoint, Excel agus Visio chun doiciméid a ullmhú le haghaidh aistriúcháin, agus doiciméid a fhoilsiú tar éis an aistriúcháin;
- Eolas maith ar Bhéarla nó ar Fhraincis (leibhéal B2 ar a laghad⁴).

c) INMHIANAITHE:

- Eolas maith ar Microsoft SharePoint nó Office 365;
- Eolas maith ar chaighdeán tionscail maidir le seirbhísí aistriúcháin;
- Scripteanna nó feidhmchláir a chruthú (i dteanga ar bith) chun tascanna córasacha próiseála doiciméad a uathoibriú;
- Taithí ar obair fotheidealaithe a phróiseáil nó a bhainistiú;
- Taithí ar bhainistíocht tionscadal logánaithe láithreán gréasáin nó ar thástáil cháilíochta;
- Taithí ghairmiúil 6 mhí ar a laghad ar obair a dhéanamh in institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht AE nó in institiúid idirnáisiúnta sa réimse saineolais (i.e. doiciméid a ullmhú le haghaidh aistriúcháin);
- Eolas maith ar chreataí bainistíochta tionscadal.

d) INNIÚLACHTAÍ NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA:

- Cumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal: dea-scileanna dréachtaithe agus achoimrithe; an cumas chun dea-chumarsáid a dhéanamh le daoine ar gach leibhéal (inmheánach agus seachtrach) agus i dtimpeallacht ilteangach.
- Scileanna idirphearsanta: an cumas chun obair ina n-aonar agus mar chuid d'fhoireann.
- Tuiscint ar fhreagracht: discríd, rúndacht, beachtas, éifeachtúlacht, infhaighteacht, agus poncúlacht.
- Scileanna eagrúcháin: an cumas chun cúraimí éagsúla a bhainistiú agus chun tosaíochtaí a leagan síos; cur chuige críochnúil; an cumas dul ar aghaidh leat féin agus obair a dhéanamh; solúbthacht.
- Inoiriúnaitheacht: an cumas cabhrú le daoine eile agus obair go maith faoi bhrú; an cumas scileanna nua a fhoghlaim agus dul in oiriúint d'fhorbairtí sa timpeallacht TF.

Déanfar measúnú ar na scileanna sin le linn na dtrialacha scríofa agus na dtrialacha béil a bhfuil cur síos orthu i bpointí 2(b)(i) agus 2(b)(ii) thíos.

⁴ Leibhéal arna shainiú de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (CEFR).

2. NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN:

a) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Cuirfear an chéim réamhroghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

- beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta i bpointe 1(a), agus is é an aidhm atá léi a dhearbú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na ceanglais sin;
- cuirfear san áireamh sa dara cuid na hinniúlachtaí teicniúla agus na scileanna a luaitear faoi phointe 1(b). Déanfar an chuid seo a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 12).

Tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh don 20 iarratasóir a n-éireoidh leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a gheobhaidh na marcanna is airde sa chéim roghnúcháin.

b) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:

Cuirfear an chéim roghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

(i) Triail scríofa (i mBéarla) ina mbeidh:

- triail phraiticiúil ar ríomhaire chun measúnú a dhéanamh ar eolas na n-iarratasóirí sna réimsí speisialtóireachta a luaitear i bpointe 1(b) agus i bpointe 1(c).

An t-am a cheadaítear: 1 uair agus 30 nóiméad.

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc (pasmharc: 12).

Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu na trialacha a dhéanamh sa dara teanga.

(ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-iarratasóirí na cúraimí atá sonraithe ag tús an doiciméid seo a chomhlíonadh. Deis a bheidh san agallamh freisin díriú go háirithe ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar a gcuid scileanna sna réimsí a luaitear i bpointí 1(b), 1(c) agus 1(d).

Tabhair do d'aire nach dtabharfar cuireadh chun agallaimh ach amháin d'iarratasóirí a n-éireoidh leo sa triail scríofa.

Is i mBéarla den chuid is mó a reáchtálfar an t-agallamh. D'fhéadfaí an t-eolas ar na teangacha eile atá curtha in iúl ag iarratasóirí a thástáil freisin.

An t-am a cheadaítear: thart ar 40 nóiméad.

Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 (pasmharc: 12)

Reáchtálfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg nó go cianda.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtabharfar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a sholáthar lá an agallaimh ar a dhéanaí, arb iad na doiciméid a

chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais, eadhon cóipeanna de dhioplómaí, cruthúnas ar náisiúntacht, teastais agus doiciméid tacaíochta eile a chruthaíonn a gcáilíochtaí agus a dtaithe ghairmiúil agus a thaispeánann go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an post atá acu agus cineál beacht a ndualgas, etc. Más ar bhonn cianda a reáchtáiltear na trialacha, féadfaidh na hiarratasóirí cóip de na doiciméid tacaíochta a iarrtar thuas a sheoladh trí ríomhphost chuig E-Selection@cdt.europa.eu.

A luaithe is a bheidh an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnúcháin liosta ionadaithe a chuirfeadh na hiarratasóirí a n-éireoidh leo in ord aibítire. Is iad na hiarratasóirí a n-éireoidh leo na hiarratasóirí a ghnóthaigh an pasmharc íosta ar a laghad sa triail scríofa agus an pasmharc íosta san agallamh, mar atá léirithe i bpointí 2(b)(i) agus 2(b)(ii). Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach gcinntítear earcaíocht trí áit a bheith acu ar liosta ionadaithe.

Sula mbunófar an liosta ionadaithe, déanfaidh an Coiste Roghnúcháin anailís ar dhoiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí ar éirigh leo san agallamh agus sna trialacha scríofa.

Ina theannta sin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha a sholáthar, ina gcruthaítear go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta.

Má fhaightear amach, ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin nó den nós imeachta earcaíochta, go raibh an fhaisnéis a tugadh in iarratas falsaithe go feasach, dícháileofar an t-iarrthóir.

Dícháileofar iarrthóirí freisin más rud é:

- nach gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta go léir ag an spriocdháta le haghaidh iarratas;
- go dteipeann orthu na doiciméid tacaíochta riachtanacha a sholáthar

Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 31 Nollaig 2023 agus féadfar síneadh a chur leis de réir rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin atá údaraithe conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

3. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint d'iarratasóirí rathúla de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfaí ceangal a chur ar an iarratasóir roghnaithe iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Earcófar na hiarratasóirí roghnaithe chuig feidhmghrúpa/grád AST3. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád AST3 (céim 1) agus EUR 4 188.45. Mar aon leis an mbuntuarastal, d'fhéadfaí go mbeadh bail foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, mar shampla liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), etc.

Lena chois sin, le bheith incháilithe agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthe leis an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;

- na riachtanais charachtair le haghaidh na ndualgas atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)⁵;
- dul faoi scrúdú leighis atá eagraithe ag an Ionad Aistriúcháin d'fhonn ceanglais Airteagal 12(2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

4. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS:

Ní mór d'iarratasóirí ar spéis leo an post seo a n-iarratas ar líne a líonadh isteach in Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) roimh an spriocdháta.

Ní mór d'iarratasóirí a bpríomhtheanga agus a ndara teanga a chur in iúl ina n-iarratas. Cuirfear an fhaisnéis sin san áireamh agus teanga na trialach scríofa á cinneadh.

Molaimid go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. Tarlaíonn sé in amanna gur rólódáilte atá an córas sna laethanta roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, b'fhéidir go mbeadh sé deacair iarratas a dhéanamh in am.

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil leis an rannóg Acmhainní Daonna trí ríomhphost a sheoladh chuig E-Selection@cdt.europa.eu.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus earcaíonn sé iarratasóirí beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta nó staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh chun feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfadh a bheith measta mar dhochrach dá neamhspleáchas.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA:

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí atá den tuairim go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt dó/di faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach larscríbhinn I).

IARRATAÍ Ó IARRTHÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINNEANN LEO

⁵ Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

Tá an ceart sonrath ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin chun rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarrataí den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin laistigh de mhí amháin ó cuireadh a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnúcháin faoi na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar a éilítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, I ch 39). Baineann sé seo go háirithe le rúndacht agus sábháilteacht sonraí den sórt sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach an [fógra príobháideachta sonrath](#).

IARSCRÍBHINN 1 IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair faoi deara go bhfuil na himeachtaí uile faoi rún. Más rud é ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin seo go measann iarratasóirí go raibh dochar déanta dá gcuid leasanna ag cinneadh ar leith, féadfaidh siad an gníomh seo a leanas a dhéanamh:

I. IARRATAÍ AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Litir ina n-iarrtar tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú agus ina leagtar a n-argóint amach a sheoladh chuig:

Faoi bhráid Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin CDT-AST3-2023/02

An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12 E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir inar cuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Gearán a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas de réir Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh:

Faoi bhráid Údaráis atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích CDT-AST3-2023/02

An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12 E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287 an 29.10.2013, lch. 15 – [EUR-Lex - 32013R1023 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\)](#)), tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí a thabhairt i gcrích aon chinneadh ó Choiste Roghnúcháin a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag Coistí Roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

An tOmbudsman Eorpach
1 avenue du Président-Robert-Schuman – CS 30403
F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom (IO L 253, 16.7.2021, lgh. 1-10).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin a chur isteach nó maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin, faoi Airteagal 2(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom, nach mór dul i dteagmháil ar na dóigheanna cuí leis na leis na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfar aon ghearán leis an Ombudsman.